

NA CNUIC ÓTHUAIDH Ó THEACH MHCILÍN

Cnoc Cala Mhuighinse (Bhfíodhinse) agus siar uaidh na Béacáin – Beacáin Sheanac Domhnaill. Glionnán idir iad féin agus Bé Chatha. Bhí teach ag an sionnach i Mbí Chatha. Tá cnoc locha bhuidhe thaobh thoir de Seanac Domhnaill.

Ag Teach Mhiclín dom (4/8/31)

Na Beanna Beola a bfad ó thuaidh agus ceo éadtrom trathnóna gréine buidhe orrtha. Is cosmhail an gorm atá orthu leis an ngorm atá ag Paul Henry i bpictiúir a rinne sé isna sléibhte seo. Ní minic a feictear an dath seo. Cuireann an uair bhregh i an ghaoth anoir an ceo éadtrom agus solus na géine buidhe tráthnóna athrú mór ar an áit seo agus ar na cnuic is na sléibhte, an lán –ghealach agus í ina caor dearg ag irighe meadhon oidhche taobh thoir den áird mhóir.